2024/2462

20.9.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/2462 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéad aondeacafluaraiheacsánóch (PFHxA), a shalainn agus substaintí PFHxA-ghaolmhara

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 68(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá meascán d'airíonna guaiseacha ag aigéad aondeacafluaraiheacsánóch (PFHxA), a shalainn agus substaintí PFHxA-ghaolmhara ([2]). Sáraíonn PFHxA go mór an critéar 'an-mharthanach' a leagtar amach i bpointe 1.2.1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, tá sé soghluaiste sa chomhshaol uisceach agus d'fhéadfadh sé éifeachtaí díobhálacha a bheith aige ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. Níl PFHxA féin cláraithe san Aontas ná ní úsáidtear ann é. Tá roinnt substaintí PFHxA-ghaolmhara chomh maith le salann amóiniam PFHxA cláraithe san Aontas ag a bhfuil bandaí tonnáiste ó 1 tona go níos mó ná 100 tona in aghaidh na bliana. Úsáidtear substaintí PFHxA-ghaolmhara agus salann amóiniam PFHxA go forleathan in go leor earnálacha, agus úsáidtear cainníochtaí móra i bpáipéar agus cairtchlár lena n-úsáid mar ábhair teagmhála bia, i dteicstílí agus i gcúir comhraic dóiteáin. Mar thoradh ar úsáid leanúnach shalainn PFHxA agus substaintí PFHxA-ghaolmhara, go háirithe in úsáidí leathana scaipthe, tiocfaidh méadú ar stoc comhshaoil agus ar nochtadh breise an chomhshaoil agus an duine.

(2) An 20 Nollaig 2019, chuir an Ghearmáin sainchomhad ([3]) faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') de bhun Airteagal 69(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ('sainchomhad Iarscríbhinn XV') ina moltar srian a chur le monarú, úsáid agus cur ar an margadh PFHxA, a shalainn agus substaintí PFHxA-ghaolmhara leo féin, agus srian a chur lena n-úsáid i dtáirgeadh nó cur ar an margadh i substaint eile, mar chomhábhar, i meascán nó in earra nó a n-úsáid i substaint eile, i meascán nó in earra, agus idirthréimhse ghinearálta 18 mí ag gabháil leis sin. Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol, mhol an Ghearmáin teorainneacha tiúchana 25 ppb le haghaidh shuim PFHxA agus a shalainn, agus 1 000 ppb le haghaidh shuim na substaintí PFHxA-ghaolmhara.

(3) Ina theannta sin, mhol an Ghearmáin maoluithe a bhfuil teorainn ama leo agus maoluithe nach bhfuil teorainn ama leo i gcás úsáidí áirithe, agus an tionchar socheacnamaíoch agus infhaighteacht roghanna malartacha á gcur san áireamh. Maidir le húsáid PFHxA, a shalainn agus substaintí PFHxA-ghaolmhara i gcúir comhraic dóiteáin, mhol an Ghearmáin oibleagáid tuairiscithe ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach a thairbhíonn de na maoluithe atá beartaithe.

(4) An 3 Meitheamh 2021, ghlac Coiste na Gníomhaireachta um Measúnú Riosca ('RAC') a thuairim inar thángthas ar an gconclúid nár léiríodh gurb é an srian ar PFHxA, ar a shalainn agus ar shubstaintí PFHxA-ghaolmhara, mar a mhol an Ghearmáin, an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta. Mar sin féin, measann RAC gurb é srian leathan uile-Aontais, ina ndéantar maoluithe spriocdhírithe agus idirthréimhsí a mheas go cúramach, an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta ó thaobh éifeachtachta, praiticiúlachta agus inmhonatóireachta de.

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj.

([2]) Is substaintí PFHxA-ghaolmhara iad substaintí a mheastar, bunaithe ar a struchtúr móilíneach, go bhféadfaidís díghrádú nó aistriú go PFHxA. Tá liosta neamh-uileghabhálach de shubstaintí a bhaineann le raon feidhme an togra srianta ar fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán: https://echa.europa.eu/documents/10162/7da473c1-7f27-df34-9e6a-46152ef10d4b

([3]) https://echa.europa.eu/documents/10162/c4e04484-c989-733d-33ed-0f023e2a200e

(5) Thacaigh RAC leis an srian a mhol an Ghearmáin maidir leis na húsáidí nuair nach féidir bearta bainistithe riosca a chur chun feidhme chun astaíochtaí a íoslaghdú, go háirithe úsáidí leathana scaipthe tomhaltóirí in ábhair teagmhála bia, i dteicstílí agus i gcúir comhraic dóiteáin a úsáidtear le haghaidh comhrac dóiteáin poiblí, ar trí mhórfhoinse astaíochtaí iad sin. Mar sin féin, bunaithe ar an bhfaisnéis theoranta atá ar fáil maidir le coinníollacha úsáide agus éifeachtacht na mbeart bainistithe riosca, ní fhéadfadh RAC teacht ar chonclúid cé acu an gcuireann nó nach gcuireann úsáidí áirithe eile leis na rioscaí sainaitheanta, amhail plátáil cróim agus cúir comhraic dóiteáin a úsáidtear i suiteálacha tionsclaíocha. I gcás na n-úsáidí eile sin, na héiginnteachtaí maidir leis na coinníollacha úsáide atá ann faoi láthair agus éifeachtacht na mbeart bainistithe riosca, tá siad rómhór chun teacht ar an gconclúid gurb é an srian a mhol an Ghearmáin an rogha bainistithe riosca is éifeachtaí.

(6) Thairis sin, níor thacaigh RAC leis an mbonn cirt leis an gcuid is mó de na maoluithe mar a mhol an Ghearmáin toisc nach raibh faisnéis leordhóthanach ar fáil chun teacht ar an gconclúid go ndearnadh astaíochtaí ó na húsáidí sin a íoslaghdú. I gcás ina bhforchuirfí srian, áfach, thacaigh RAC le maoluithe le haghaidh na n-úsáidí seo a leanas ós rud é go raibh faisnéis inchreidte ar fáil maidir híoslaghdú astaíochtaí ó na húsáidí sin: leathsheoltóirí agus trealamh a bhaineann le leathsheoltóirí, eipealám in uaireadóirí, bratú le haghaidh áiseanna éisteachta, feistí leighis so-ionchlannaithe agus idirmheánaigh aonraithe iompartha.

(7) D'aontaigh RAC leis na teorainneacha tiúchana agus leis an idirthréimhse ghinearálta a mhol an Ghearmáin. Thug RAC dá aire freisin gur gá modhanna anailíseacha caighdeánacha a fhorbairt le haghaidh na substaintí agus na maitrísí laistigh de raon feidhme an tsriain a mhol an Ghearmáin. Mar sin féin, tháinig RAC ar an gconclúid, go ginearálta, go bhfuil modhanna anailíseacha ar fáil ar bhonn tráchtála chun faireachán a dhéanamh ar nochtadh agus ar chur chun feidhme an tsriain a mhol an Ghearmáin.

(8) An 8 Nollaig 2021, ghlac Coiste na Gníomhaireachta um Anailís Shocheacnamaíoch ('SEAC') a thuairim inar thángthas ar an gconclúid nár léiríodh gurb é an srian ar PFHxA, ar a shalainn agus ar shubstaintí PFHxA-ghaolmhara, mar a mhol an Ghearmáin, an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta, agus tairbhí agus costais shocheacnamaíocha an tsriain á gcur san áireamh. Mheas SEAC gur beart iomchuí, go ginearálta, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta é srian ar PFHxA, ar a shalainn agus ar shubstaintí PFHxA-ghaolmhara. Mar sin féin, bunaithe ar an bhfaisnéis theoranta atá ar fáil maidir le tionchair shocheacnamaíocha agus measacháin ar astaíochtaí, ní fhéadfadh SEAC teacht ar chonclúid an iad coinníollacha an tsriain, arna modhnú ag SEAC, ina n-iomláine, na bearta is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta. Mar sin féin, tháinig SEAC ar chonclúid maidir leis na tairbhí agus costais shocheacnamaíocha a bhaineann le srian a chur le húsáidí áirithe, i gcás nach raibh an fhaisnéis maidir le tionchair shocheacnamaíocha chomh héiginnte céanna. Chuir SEAC conclúidí RAC san áireamh maidir le héifeachtacht na mbeart bainistithe riosca agus íoslaghdú astaíochtaí, do-athraitheacht astaíochtaí PFHxA sa chomhshaol, an fhaisnéis atá ar fáil maidir le roghanna malartacha, agus na caillteanais fheidhmiúla agus na tionchair shocheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann. Tháinig SEAC ar an gconclúid nach dócha gur beart míchuí é srian a chur leis na húsáidí i dteicstílí éadaí tomhaltóra, i gcúir comhraic dóiteáin i gcomhrac dóiteáin poiblí agus soghluaiste, i bpáipéar agus i gcairtchlár mar ábhair teagmhála bia agus i meascáin tomhaltóra, ó thaobh na dtairbhí agus na gcostas socheacnamaíoch a bhaineann leis, chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann leis na húsáidí sin, agus gur dócha gur beart iomchuí é srian a chur leis an úsáid i dtáirgí cosmaideacha, ó thaobh na dtairbhí agus na gcostas socheacnamaíoch a bhaineann leis, chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann leis an úsáid sin.

(9) Níor aontaigh SEAC leis an idirthréimhse ghinearálta 18 mí atá beartaithe. Mheas SEAC gur cheart an idirthréimhse a bheith fada go leor chun a áirithiú go bhfuil táirgeoirí, allmhaireoirí agus úsáideoirí substaintí, meascán agus earraí in ann an srian a chomhlíonadh agus a n-oibríochtaí a oiriúnú chun gur féidir deireadh a chur le PFHxA, a shalainn agus substaintí PFHxA-ghaolmhara de réir a chéile agus iad a ionadú agus chun gur féidir oiriúnuithe a dhéanamh laistigh de na slabhraí soláthair lena mbaineann. Dá bhrí sin, mhol SEAC idirthréimhse ghinearálta 36 mhí.

(10) Chuathas i gcomhairle le Fóram na Gníomhaireachta um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú, dá dtagraítear in Airteagal 76(1), pointe (f) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, le linn an phróisis srianta agus cuireadh a thuairim san áireamh. Thug SEAC dá aire tuairim an Fhóraim gur féidir a mheas go bhfuil an srian a mhol an Ghearmáin infhorfheidhmithe, ar choinníoll gur léir cé na substaintí a thagann faoi raon feidhme an tsriain agus go sainítear modhanna tástála normatacha iontaofa lena gcumhdaítear gach cineál substainte rialaithe.

(11) An 10 Bealtaine 2022, chuir an Ghníomhaireacht tuairimí RAC agus SEAC ([4]) faoi bhráid an Choimisiúin.

(12) Agus sainchomhad Iarscríbhinn XV agus tuairimí RAC agus SEAC á gcur san áireamh, measann an Coimisiún go n-eascraíonn riosca do-ghlactha do shláinte an duine agus don chomhshaol as PFHxA, a shalainn agus substaintí PFHxA-ghaolmhara i meascáin áirithe agus in earraí áirithe a úsáid agus a chur ar an margadh, ar riosca é nach mór aghaidh a thabhairt air ar fud an Aontais.

(13) Measann an Coimisiún nár léiríodh gurb é an srian atá beartaithe, arna mhodhnú ag RAC agus SEAC, an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta, agus éiginnteacht na sonraí a cuireadh i láthair maidir le hastaíochtaí, laghdú riosca agus tionchair shocheacnamaíocha á cur san áireamh. Chuir RAC in iúl go soiléir nach iontaofa na meastacháin maidir le scaoileadh cainníochtúil a tuairiscíodh mar gheall ar go leor neamhréireachtaí idir ranna éagsúla den Doiciméad Cúlra a ghabhann leis an Tuairim maidir le sainchomhad Iarscríbhinn XV ([5]), cúiseanna neamh-leordhóthanacha leis na toimhdí a rinneadh agus bearnaí móra san fhaisnéis a cuireadh i láthair nó i dtuairisciú na modheolaíochta ríofa foluití le haghaidh na n-earnálacha úsáide éagsúla.

(14) D'ainneoin na n-éiginnteachtaí atá ann cheana maidir leis na sonraí atá ar fáil, aontaíonn an Coimisiún le RAC gur deimhníodh scaoileadh isteach sa chomhshaol agus nochtadh an duine le sraith mhór sonraí faireacháin comhshaoil agus daonna, agus gur cheart íoslaghdú a dhéanamh ar mhonarú PFHxA, a shalainn agus substaintí PFHxA-ghaolmhara, agus ar úsáidí na substaintí sin arb é an toradh a bhíonn orthu scaoileadh isteach sa chomhshaol nach ndéantar rialú leormhaith orthu. In ionad srian leathan, measann an Coimisiún gurb é srian spriocdhírithe an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta. Measann an Coimisiún gur cheart an srian a dhíriú ar na húsáidí sin ar tháinig RAC ar an gconclúid ina leith nach féidir bearta bainistithe riosca a chur chun feidhme chun astaíochtaí a íoslaghdú agus ar tháinig SEAC ar an gconclúid ina leith gur dócha go bhfuil sé iomchuí nó gur dócha nach mbeadh sé míchuí srian a chur leis an úsáid shonrach sin ó thaobh tairbhí agus costais shocheacnamaíocha de. Maidir leis na húsáidí sin, measann an Coimisiún nach ndéantar an riosca a rialú go leormhaith, go bhfuil roghanna malartacha ar fáil agus gur dócha go mbeidh na costais shocheacnamaíocha teoranta i gcomparáid leis na tairbhí do shláinte an duine agus don chomhshaol.

(15) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur gá srian uile-Aontais a ghlacadh maidir le PFHxA, a shalainn agus substaintí PFHxA-ghaolmhara a chur ar an margadh agus a úsáid i dteicstílí, i leathar, i bhfionnadh agus i seithí in éadaí (amhail éadaí don taobh amuigh ar nós seaicéid bháistí); gabhálais ghaolmhara (amhail málaí láimhe) agus coisbheart don phobal i gcoitinne; páipéar agus cairtchlár a úsáidtear mar ábhair teagmhála bia; meascáin le haghaidh an phobail i gcoitinne; táirgí cosmaideacha; agus roinnt úsáidí cúr comhraic dóiteáin.

(16) Aontaíonn an Coimisiún leis na teorainneacha tiúchana a mhol an Ghearmáin, RAC agus SEAC.

(17) Cé nach bhféadfadh SEAC teacht ar chonclúid maidir le méid na gcostas socheacnamaíoch i ndáil leis na tairbhí do theicstílí, do leathar, d'fhionnadh agus do sheithí seachas in éadaí agus gabhálais ghaolmhara, le haghaidh an phobail i gcoitinne, measann an Coimisiún gur cheart srian a chur leis an úsáid sna hábhair sin freisin toisc gur cosúil go bhféadfaí méideanna suntasacha substaintí PFHxA-ghaolmhara a úsáid; is úsáid leathan scaipthe é nach ndéantar rialú leormhaith ar an riosca ann; ní féidir astaíochtaí a íoslaghdú trí bhearta bainistithe riosca a chur i bhfeidhm, mar a chinn RAC; agus is cosúil go bhfuil roghanna eile ar fáil le haghaidh airíonna uisce-éarthacha. Áirítear ar na cineálacha táirgí lena mbaineann cairpéid, rugaí, cuirtíní, dallóga, cumhdach troscáin, clúdaigh balla teicstíle agus clúdaigh eile atá bunaithe ar theicstílí (amhail éadaí boird nó éadaí leapa). Áirítear leis sin na cineálacha táirgí lena mbaineann in iompar agus in áiteanna poiblí, agus in oifigí chomh maith, mar is féidir glacadh leis go dtugann an pobal i gcoitinne cuairt ar na hoifigí sin. Maidir leis na cineálacha táirgí srianta sin, níor deimhníodh go maith go mbeadh caillteanais fheidhmiúla ann a mbeadh tionchair dhiúltacha mhóra acu mar thoradh ar an easpa airíonna ola-éarthacha agus smál-éarthacha. I bhfianaise na dtionchar socheacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le caillteanais fheidhmiúla i gcás nach soláthraítear éarthacht leormhaith i gcoinne ola agus smál le roghanna malartacha, meastar go bhfuil údar le hidirthréimhse níos faide le haghaidh teicstílí seachas in éadaí agus i ngabhálais ghaolmhara le haghaidh an phobail i gcoitinne.

([4]) https://echa.europa.eu/documents/10162/97eb5263-90be-ede5-0dd9-7d8c50865c7e
([5]) https://echa.europa.eu/documents/10162/5c011606-5891-d26a-03e7-ceba0a35126f

(18) Measann an Coimisiún, in ainneoin úsáid leathan scaipthe de theicstílí, leathar, fionnadh agus seithí agus gabhálais ghaolmhara agus coisbheart áirithe, i gcás nach féidir ceanglais shonracha maidir le feidhmíocht theicniúil a chomhlíonadh ar shlí eile, gur cheart na nithe sin a dhíolmhú ón srian sin, toisc go bhfuil gá leis na hábhair sin chun ceanglais shonracha a chomhlíonadh ó thaobh sábháilteachta nó feidhmiúlachta de. Cuirtear san áireamh leis na díolúintí sin na tionchair shocheacnamaíocha a bhfuil coinne leo agus tá feidhm acu maidir le húsáidí ar cosúil nach bhfuil roghanna malartacha ar fáil ina leith faoi láthair. Is éard is earraí díolmhaithe ann teicstílí, leathar, fionnadh agus seithí agus gabhálais ghaolmhara agus coisbheart a úsáidtear mar threalamh cosanta pearsanta (nó mar chodanna de) a thagann faoi raon feidhme chatagóir riosca III, pointí (a), (c) go (f), (h), agus (l) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), feistí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), agus feistí laistigh de raon feidhme Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]). Ina theannta sin, teicstílí foirgníochta, amhail scannáin le haghaidh struchtúr éadrom frapála nó dromchla, fabraic threisiúcháin, fostruchtúir aghaidhe teicstíle, ábhar inslithe in aghaidh fuachta agus teasa agus córais dín teicstíle, ba cheart iad a dhíolmhú ós rud é nach bhféadfadh SEAC teacht ar chonclúid cé acu ar dhócha go raibh sé iomchuí nó ar dhócha nach raibh sé míchuí srian a chur leis an úsáid shonrach sin ó thaobh tairbhí agus costais shocheacnamaíocha de.

(19) An 14 Eanáir 2022, chuir an Ghníomhaireacht sainchomhad ([9]) isteach, thar ceann an Choimisiúin, de bhun Airteagal 69(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, ina mbeartaítear srian a chur le monarú, cur ar an margadh agus úsáid substaintí sárfhluarailcile agus polafhluarailcile (PFAS) i gcúir comhraic dóiteáin (tiúchain cúir comhraic dóiteáin agus an meascán de atá réidh le húsáid araon). Tagann PFHxA, a shalainn agus a shubstaintí PFHxA-ghaolmhara faoi raon feidhme an togra srianta sin. Measann an Coimisiún go bhfuil sé níos iomchuí cinneadh a dhéanamh maidir le srian a chur le húsáid PFHxA, a shalainn agus substaintí PFHxA-ghaolmhara i bhformhór úsáidí cúir comhraic dóiteáin bunaithe ar an sainchomhad srianta le haghaidh gach PFAS i gcúir comhraic dóiteáin. Ós rud é, áfach, go bhfuil roghanna malartacha ar fáil go forleathan agus go bhfuil siad in úsáid cheana féin chun PFHxA, a shalainn agus substaintí PFHxA-ghaolmhara a ionadú i gcúir comhraic dóiteáin a úsáidtear le haghaidh oiliúna agus tástála, le haghaidh seirbhísí dóiteáin poiblí agus le haghaidh eitlíocht shibhialta, measann an Coimisiún nár cheart moill a chur ar shrianadh na n-úsáidí sin.

(20) Agus iad ar dualgas, d'fhéadfadh seirbhísí dóiteáin poiblí aghaidh a thabhairt ar chineálacha éagsúla dóiteáin i gcineálacha éagsúla ionad. Chun éagsúlacht na seirbhísí dóiteáin poiblí i ngach Ballstát a chur san áireamh agus chun ardleibhéal sábháilteachta ó dhóiteán a áirithiú, ba cheart an srian ar PFHxA, a shalainn agus substaintí PFHxA-ghaolmhara i gcúir comhraic dóiteáin agus i dtiúchain cúir comhraic dóiteáin a chur ar an margadh agus a úsáid, ba cheart iad a dhíolmhú i gcás seirbhísí dóiteáin poiblí, agus idirghabháil á déanamh acu ar láithreáin thionsclaíocha a chumhdaítear le Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) agus úsáideann siad na cúir agus an trealamh chun na críche sin amháin.

(21) Tugann an Coimisiún dá aire go n-áirítear úsáidí PFHxA, a shalainn agus substaintí PFHxA-ghaolmhara nach gcumhdaítear leis an srian spriocdhírithe sin freisin in dhá shainchomhad srianta eile atá ar feitheamh, go háirithe PFAS i gcúir comhraic dóiteáin ([11]) agus PFAS i ngach úsáid eile ([12]). Déanfaidh an Coimisiún breithniú breise ar an ngá atá le srian a chur leis na húsáidí sin bunaithe ar an réasúnú agus ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil sna sainchomhaid sin agus sna tuairimí lena mbaineann.

([6]) Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le trealamh cosanta pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO L 81, 31.3.2016, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/425/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/745/oj).

([8]) Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/746/oj).

([9]) https://echa.europa.eu/documents/10162/4524f49c-ae14-b01b-71d2-ac3fa916c4e9

([10]) Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 96/82/CE ón gComhairle (IO L 197, 24.7.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/18/oj).

([11]) https://echa.europa.eu/documents/10162/4524f49c-ae14-b01b-71d2-ac3fa916c4e9

([12]) https://echa.europa.eu/documents/10162/1c480180-ece9-1bdd-1eb8-0f3f8e7c0c49

(22) Measann an Coimisiún gur cheart foráil a dhéanamh maidir le maolú ar aon substaint ina bhfuil grúpa sárfhluarailcile C_6F_{13}- ceangailte go díreach le hadamh sulfair (PFHxS, a shalainn agus substaintí gaolmhara), ós rud é go bhfuil toirmeasc ar na substaintí sin faoi Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]).

(23) Aontaíonn an Coimisiún le RAC agus SEAC, maidir le substaintí ina bhfuil grúpa sárfhluarailcile C_6F_{13}- ceangailte go díreach le hadamh ocsaigine ag ceann de na carbóin neamhtheirminéalacha, gur cheart iad a eisiamh ó raon feidhme na substaintí atá faoi réir an tsriain ós rud é nach féidir na substaintí sin a chlaochlú ina PFHxA. Fágann a struchtúr ceimiceach go mbeadh dhá shlabhra níos giorra ar leith d'fhluarailcil mar thoradh ar dhíghrádú go haigéad carbocsaileach nó go carbocsaláit, agus nach ndearnadh measúnú ar na guaiseacha agus ar na rioscaí a bhaineann leo i sainchomhad Iarscríbhinn XV.

(24) Ba cheart am leordhóthanach a thabhairt do pháirtithe leasmhara agus do na Ballstáit chun bearta iomchuí a dhéanamh chun an srian a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, agus na moltaí ó shainchomhad Iarscríbhinn XV á gcur san áireamh, chomh maith le breithnithe RAC agus SEAC, ba cheart cur i bhfeidhm an tsriain a chur siar go ceann 18 mí i gcás cúir comhraic dóiteáin a úsáidtear in oiliúint, i dtástáil agus i seirbhísí dóiteáin poiblí; go ceann 24 mhí maidir le teicstílí, leathar, fionnadh agus seithí in éadaí agus gabhálais ghaolmhara agus coisbheart le haghaidh an phobail i gcoitinne, páipéar agus cairtchlár a úsáidtear mar ábhair teagmhála bia, meascáin le haghaidh táirgí don phobal i gcoitinne agus táirgí cosmaideacha; go ceann 36 mhí maidir le teicstílí, leathar, fionnadh agus seithí seachas in éadaí agus i ngabhálais ghaolmhara le haghaidh an phobail i gcoitinne; agus go ceann 5 bliana maidir le cúir comhraic dóiteáin a úsáidtear san eitlíocht shibhialta.

(25) Níor cheart feidhm a bheith ag an srian maidir le hearraí agus meascáin ar féidir leis an soláthróir a léiriú ina leith gur cuireadh na hearraí agus na meascáin sin ar an margadh roimh dháta chur i bhfeidhm ábhartha an tsriain, ar chúiseanna praiticiúlachta agus in-fhorfheidhmitheachta.

(26) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú dá réir sin.

(27) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú faoi Airteagal 133 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([13]) Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj).

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an iontráil seo a leanas isteach in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006:

‘79. Aigéad aondeacafluaraiheacsánóch (PFHxA), a shalainn agus substaintí PFHxA-ghaolmhara: (a) ag a bhfuil grúpa sárfhluaraipeintile líneach nó brainseach ag a bhfuil an fhoirmle C_5F_{11}- atá ceangailte go díreach le hadamh carbóin eile mar cheann de na heilimintí struchtúracha; nó (b) ag a bhfuil grúpa sárfhluaraiheicsile líneach nó brainseach ag a bhfuil an fhoirmle C_6F_{13}-. Eisiatar na substaintí seo a leanas ón ainmniúchán seo: (a) C_6F_{14}; (b) C_6F_{13}-C(=O)OH, C_6F_{13}-C(=O)O-X′ nó C_6F_{13}-CF_2-X′ (i gcás X′ = aon ghrúpa, lena n-áirítear salainn); (c) aon substaint ina bhfuil grúpa sárfhluarailcile C_6F_{13}- ceangailte go díreach le hadamh ocsaigine ag ceann de na hadaimh charbóin neamhtheirminéalacha.	1. Ón 10 Deireadh Fómhair 2026, ní dhéanfar iad a chur ar an margadh, ná a úsáid, i dtiúchan atá cothrom le 25 ppb nó níos mó ná sin i gcás shuim PFHxA agus a shalainn, nó 1 000 ppb i gcás shuim na substaintí PFHxA-ghaolmhara, arna dtomhas in ábhar aonchineálach, sna nithe seo a leanas: (a) teicstílí, leathar, fionnadh agus seithí in éadaí agus i ngabhálais ghaolmhara le haghaidh an phobail i gcoitinne; (b) coisbheart le haghaidh an phobail i gcoitinne; (c) páipéar agus cairtchlár a úsáidtear mar ábhair teagmhála bia faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004; (d) meascáin le haghaidh an phobail i gcoitinne; (e) táirgí cosmaideacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009. 2. Ón 10 Deireadh Fómhair 2027, ní dhéanfar iad a chur ar an margadh, ná a úsáid, i dtiúchan atá cothrom le 25 ppb nó níos mó ná sin i gcás shuim PFHxA agus a shalainn, nó 1 000 ppb i gcás shuim na substaintí PFHxA-ghaolmhara, arna dtomhas in ábhar aonchineálach, i dteicstílí, i leathar, i bhfionnadh agus i seithí, seachas in éadaí agus i ngabhálais ghaolmhara dá dtagraítear i mír 1, le haghaidh an phobail i gcoitinne. 3. Ní bheidh feidhm ag Míreanna 1 agus 2 maidir leis na nithe seo a leanas: (a) trealamh cosanta pearsanta atá ceaptha úsáideoirí a chosaint ar rioscaí a thagann faoi raon feidhme chatagóir riosca III, pointí (a), (c) go (f), (h), agus (l) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425; (b) feistí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2017/745; (c) feistí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2017/746; (d) teicstílí a úsáidtear mar theicstílí foirgníochta. 4. Ón 10 Aibreán 2026, ní dhéanfar iad a chur ar an margadh, ná a úsáid, i dtiúchan atá cothrom le 25 ppb nó níos mó ná sin i gcás shuim PFHxA agus a shalainn, nó 1 000 ppb i gcás shuim na substaintí PFHxA-ghaolmhara, sna nithe seo a leanas: (a) cúir comhraic dóiteáin agus tiúchain cúir comhraic dóiteáin le haghaidh oiliúna agus tástála, seachas tástáil fheidhmiúil ar na córais comhraic dóiteáin ar choinníoll go gcoinnítear gach scaoileadh faoi smacht; (b) cúir comhraic dóiteáin agus tiúchain cúir comhraic dóiteáin le haghaidh seirbhísí poiblí dóiteáin, ach amháin i gcás ina ndéanann na seirbhísí sin idirghabháil ag dóiteáin thionsclaíocha in ionaid a chumhdaítear le Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus ina n-úsáideann siad na cúir agus an trealamh chun na críche sin amháin. 5. Ón 10 Deireadh Fómhair 2029, ní dhéanfar iad a chur ar an margadh, ná a úsáid, i gcúir comhraic dóiteáin agus i dtiúchain cúir comhraic dóiteáin le haghaidh eitlíocht shibhialta (lena n-áirítear in aerfoirt shibhialta) i dtiúchan atá cothrom le 25 ppb nó níos mó ná sin i gcás shuim PFHxA agus a shalainn, nó 1 000 ppb i gcás shuim na substaintí PFHxA-ghaolmhara.

	6. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2, 4 agus 5 maidir le substaintí ag a bhfuil grúpa sárfhluarailcile C_6F_{13}- ceangailte go díreach le hadamh sulfair a bhfuil toirmeasc orthu in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**). 7. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh feidhm ag an mír sin maidir le hearraí agus meascáin a cuireadh ar an margadh roimh an 10 Deireadh Fómhair 2026. 8. De mhaolú ar mhír 2, ní bheidh feidhm ag an mír sin maidir le hearraí a cuireadh ar an margadh roimh an 10 Deireadh Fómhair 2027. 9. Chun críocha na hiontrála seo, is substaintí PFHxA-ghaolmhara iad substaintí a mheastar, bunaithe ar a struchtúr móilíneach, go bhféadfaidís díghrádú nó aistriú go PFHxA.

(*) Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha, lena leasaítear agus lena n aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 96/82/CE ón gComhairle (IO L 197, 24.7.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/18/oj).

(**) Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj).'